Trí coróna i gcairt Shéamais

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 44]

Fearhgal Óg Mac an Bhaird cct.

1 Trí coróna i gcairt Shéamais
- cia dhíobh nachar dheighfhéaghais? -
críoch an sgeoil libh ga labhra,
a fhir eoil na healadhna.

2 Cuirfidhior - is cubhaidh lais -
trí coróna um cheann Séamais;
ní sgéal rúin rádh na leabhar
gach fádh dhúinn dá dheimhneaghadh.

3 An chéaduair - cóir a cuimhne -
coróin Alban iathghuirme
- rí ’n-a chló cia ler cuireadh? -
ó Dhia dhó do deonoigheadh.

4 An dara huair - aithnidh dhamh -
cuirfidhior coróin Sagsan
an sduadh mhín ghoirmdhearcach ghlan.
um rígh n-oirbheartach n-Alban.

5 Prionnsa óg go n-aigneadh ard
biaidh sise ag Séamus Stíobhard
onóir nach iomarcach leam
coróin iongantach Éireann.

6 Inneosad a adhbhar soin
na trí coróna i gcartaigh
ag rígh slóigh Gall is Gaoidheal,
ós am cóir dá chraobhsgaoileadh.

7 Más chead leis a éisdeacht uaim
sloinnfiod a cheart an chéaduair
ar fhionnAlbain na n-iath mín
triath ionnarbaidh gach eissídh.

8 Trí chéad bliadhan - buan a mbríogh! -
a-tá sí ag sliocht an airdríogh;
fa rígh Alban ní hiongnadh
tír na n-ardbhragh n-imiolghlan.

9 Ag naonbhar roimhe dá fhréimh
do bhí Alba an fhuinn fhóidréidh

ní fríoth sgéal ar n-uair orra;
do-bhéar uaim a n-anmonna.

10 Alba chonáigh na gcolg ndearg
do bhí roimhe ag dá Roibeard,
is tearc éarlamh nach abair,
a héanbhun do fhásadair.

11 Cóig Séamais - ní hiul iomruill -
ro ghabh Albain n-iobhardhuinn
dá shíol i ndeoidh na deise;
ríomh an eoil ar m-aireise.

12 Is é Hannraoi t'athair féin
an t-ochtmhadh deighrí dhíbhséin
- a mhínleanmhain is díor dhamh -
más fhíor d'fhírleabhraibh Alban.

13 Badh lé Alba ó mhuir go muir
máthair an airdríogh uasail;
do chuir sí an choróin ma ceann,
onóir í ar nach fuil foirceann.

14 A n-áireamh ní leasg liomsa;
ag so an deachmhadh deighphrionnsa
do gheabh ríoghAlbain dá fhréimh;
Stíobhardaigh is eadh iaidséin.

15 Do réir an eoil fhuair meise
ag sin ceart do chairteise
ar caomhAlbain bhfinn bhfleadhaigh
slim dtaobhardghlain dtaitneamhaigh.

16 Mithidh dhamhsa a chur i gcéill
do cheart feasda, a bhas bhláithréidh,
críoch leabharbhragh na long ndubh
ar fhonn [seamhar]ghlan Sagsun.

17 Bhar seanseanmháthair - seol glan -
[inghean] airdríogh fhóid Sagsan
críoch a sgéal linn gá leanmhain
do fhéagh sinn i seinleabhraibh.

18 Críoch Sagsan na gcoll gcorcra
gan innte d'fhuil ríoghochta
acht éinríoghan dá gclaon coill,
craobh ler léirlíonadh Lonndoinn.

19 Ó ló na mnásoin a-mach

a-tá id chairtse go cosgrach
triath ríoLunndan do rádh ruibh
rádh na bhfíorughdar fíorthair.

20 Ag so ar Lonndain na learg dtais
ciall do chairte, a Ching Shéamais,
rádh seinleabhar ar bhur son
fa chlár seingleabhar Sagsan.

21 A lámh as díorgha dligheadh
- a-nois i gcéill cuirfidhear -
ná [bí ag] teacht ar éineing d'uaim
's do cheart ar Éirinn armruaidh.

22 I gcúirt Shagsan na sreabh seang
a-tá ardchoróin Éireann;
tuar maothchroidhe a bheith san mbrugh
fa bhreith laochroidhe Lonndon.

23 Fada a-tá i dtairngire dhuit
críoch Sagsan - is iul orrdhruic;
duit is dú Éire amhlaidh;
is tú a céile ar chomhardhaibh.

24 A mheic Hannraoi na dtreas dte
ag sin mar dleaghar dhaoibhse
gan toibhéim, a rí, ar do reacht
na trí hoiléin i n-aoinfheacht.

25 Céim dá mhéad ní maoidhte dhuit;
fuil dá huaisle san Eoruip
ní fíorghloine í ná t'fhuil,
a rí míonmhuighe Monaidh.

26 Ní fhuil fuil airdríogh eile
acht fuil meic na maighdine
ga bhfuil barr uaisleachta ar t'fhuil
guaisbhearta Gall id ghníomhuibh.

27 Miorr nó túis ní théid thairrse
ar fhás d'fhíonfhuil ionnaibhse,
's ní hé an t-ór a séad samhail,
ní lór bréag a mbaramhail.

28 Dá mbeith nach biadh - ní breath lag
fuil airdríogh n-uasal ionnad
do chuir t'eagna i n-uaisle sibh
bhar bhfreagra uaimse is aithnidh.

29 Eagna soghrádhach Soluimh
ar séan flatha fuarabhair
a shlat deaghabhla ón seang sreabh
geall dheaghanma lat léigthear.